



Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe do bhailte tuaithe

D'fhorbair Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe, do 35 baile tuaithe ina sheacht gcontae Réigiún an Iarthair, chun ár n-eolas ar riachtanais soghluaisteachta reatha áitritheoirí bailte a fheabhsú agus conas a ailíníonn siad le polasaí atá á fhorbairt.

Cén Fáth Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe?

Tá tuiscint níos fearr ar mhodhanna gníomhacha agus iompar poiblí i gcomhthéacs tuaithe mar chuspóir foriomlán ag an Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe seo. Léiríonn sé seo an t-athrú i mbeartas iompair chuig taisteal níos inbhuanaithe, le fócas faoi leith ar iompar poiblí agus taisteal gníomhach (rotháocht agus síúl) agus an gá atá le laghdú a dhéanamh ar astuithe carbóin ó iompar pearsanta.



Tá Innéacs Soghluaisteachta Inbhuanaithe an WDC (SMI 2022) comhdhéanta de 30 táscaire a chlúdaíonn modhanna, bonneagair agus seirbhísí éagsúla do dhaoine sna 35 baile. Leagann sé amach bonnlíne do na roghanna, do sheirbhísí, agus don bhonneagar soghluaisteachta reatha agus, mar a dhéanfar arís agus arís eile sna blianta atá le teacht, léireoidh sé amach anseo cad atá forbartha, cad atá bainte amach agus cad a chaithfear a athrú. Chun léargais agus comparáidí níos fearr a sholáthar déantar an tInnéacs a roinnt ina thrí fho-innéacs (gach ceann le 10 dtáscaire) a léiríonn príomhréimsí a bhfuil soghluaisteacht mhaith riachtanach dóibh:

- 1 Ullmhacht don Aistriú Ísealcharbóin (LCT)
- 2 Rochtain ar Sheirbhísí agus ar Shaoráidí Sóisialta (S&S)
- 3 Teacht ar Dheiseanna Fostaíochta agus Eacnamaíochta (O&O)

Ceadaíonn na trí théama seo comparáidí éagsúla a dhéanamh agus léiríonn siad an chaoi ar féidir le háiteanna éagsúla éirí go maith maidir le saincheisteanna nó cuspóirí éagsúla. Díríonn an chéad téama ar aistriú ísealcharbóin agus béim láidir ar thaisteal gníomhach, agus is táscairí do sheirbhísí iompair phoiblí do na bailte an chuid is mó de na táscairí sa dá théama eile.



Bailte san Innéacs um Shoghluaiseacht Inbhuanaithe 2022



Cad a thaispeánann an tInnéacs um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe?

Tugann SMI 2022 léargas úsáideacha ar shoghluaisteacht i mbailte tuaithe i Réigiún an Iarthair agus cuireann sé pointe tosaigh ar fáil chun go leor ceisteanna níos leithne faoi shoghluaisteacht sna bailte seo a scrúdú agus soláthraíonn sé saibhreas sonraí ar phatrúin taistil agus ar infhaighteacht seirbhísí agus áiseanna faoi láthair.

Léiríonn na scóir Innéacs Soghluaisteachta raon leathan i measc na 35 baile, ach ní bhfuarthas amach go raibh aon bhaile i bhfad níos fearr nó níos measa ná na bailte eile. Is as contaetha éagsúla ceithre cinn de na cúig bhaile is fearr, agus tagann na cúig cinn le na scóir is ísle ó cheithre chontae éagsúla freisin. Bhí an scórail ab ísle de ghnáth i measc na mbailte is iargúlta, ach níor scórail gach baile iargúlta go dona.

Rud atá suimiúil é nár bhain na bailte is mó an scór ab fhearr i ngach ceantar, ar an gcuma chéanna bhí claonadh ag na bailte is saibhre úsáid níos lú iompair phoiblí a léiriú agus bhí úinéireacht carranna níos airde acu. Bhí tionchar an-láidir ag an suíomh ar na scóir, ach ní bhain sé seo ach le cóngarachacht do bhailte móra agus do chathracha. Tá trí cinn de na bailte is fearr maidir le scóir ina bpríomhionaid seirbhíse do chúlchríoch mhór nó is ionaid áitiúla fostaíochta iad. Scórail na bailte go maith ní hamháin mar gheall ar a suíomh, ach freisin mar gheall ar infheistíochtaí a rinneadh, agus pleanáil éifeachtach agus soláthar maith iompair phoiblí.

Le himeacht ama, ba cheart go laghdódh infheistíocht níos mó i soghluaisteacht bailte mar áiseanna rothaíochta níos fearr, idirnascadh modhanna níos fearr agus bailedhreacha feabhsaithe agus pleanáil le haghaidh insiúltachta, ar tháinig méadú ar mhaoiniú le déanaí ar na bearnaí idir na bailte is fearr agus na bailte is measa. Déanfar aon mhéadú ar shiúlóid agus rothaíocht chuig obair agus oideachas, nó úsáid níos mó a bhaint as iompar poiblí le haghaidh na dturas sin, a thomhas i SMIanna amach anseo agus beidh feabhsuithe le feiceáil go soiléir.

Tá sé beartaithe go mbeidh SMI 2022 ina huirlis shimplí, phraiticiúil chun soghluaisteacht a mheasúnú i Réigiún an Iarthair. Tá infheidhmeacht níos leithne ag modh agus torthaí an Innéacs seo, ar fud na hÉireann agus i mbailte tuaithe in áiteanna eile. Tá an coincheap, agus go leor de na gnéithe dá thógáil, inaistrithe go réigiúin eile agus d'fhéadfaí é a úsáid chun feabhas a chur ar ár dtuiscint ar cheisteanna, ar chomhchosúlachtaí bhfadhbanna, réitigh agus chun infheistíocht a threorú amach anseo. Tá na rangú agus an tráchtairacht sa tuarascáil seo deartha chun cabhrú leo siúd a sholáthraíonn iompar, atá ag gabháil do bheartas iompair agus i bhforbairt baile chun a fháil amach cad is gá a dhéanamh agus dea-chleachtais a aithint.


Déanfar an tInnéacs a nuashonrú in 2024, ag cur san áireamh torthaí iomlána an Daonáirimh is déanaí (a rinneadh in Aibreán 2022), agus déanfar sonraí eile a nuashonrú taobh leis sin. Beimid in ann ansin athruithe a scrúdú thar am, i measc táscairí, agus ar fheidhmíocht bailte.

Cad a mholaimid

1. Tá Connecting Ireland de chuid an NTA ag obair chun iompar poiblí a fheabhsú ar fud na hÉireann ach tá gá le tuilleadh feabhais a chur ar sheirbhísí iompair phoiblí i go leor bailte ag soláthar níos mó nasc chuig na lárionaid níos mó agus na príomhsheirbhísí ag amanna áisiúla.
2. Tá difríochtaí suntasacha i dtáillí iompair phoiblí idir bailte tuaithe agus na lárionaid seirbhíse níos mó. Is feidhm é seo go páirteach den achar atá le taisteal ach cuireann cineálacha éagsúla soláthar iompair phoiblí isteach air freisin. Ba cheart go mbeadh táillí iompair phoiblí cothrom. Ba chóir go mbeadh sé mar thosaíocht aghaidh a thabhairt ar seo agus spreagadh sé úsáid níos mó iompair phoiblí.
3. Tá roinnt feabhsuithe ar thaisteal gníomhach a d'fhéadfadh tairbhí láithreacha a thabhairt don bhaile agus do shoghluaisteacht inbhuanaithe a mhéadú. Ina measc seo tá páirceáil rothar níos mó agus níos fearr agus insiúltacht níos fearr trí uainiú níos fearr ar thrasbhealaí agus níos mó forfheidhmithe ar rialacháin pháirceála chun cosáin a choinneáil glan.
4. Tá gá againn le sonraí níos fearr, níos iontaofa agus sonraí is féidir a mhacasamhlú ar go leor gnéithe den tsoghluaisteacht inbhuanaithe, lena n-áirítear páirceáil rothaíochta, agus bealaí agus láná rothaíochta, laistigh de bhailte. Sholáthródh bearta simplí, comhsheasmhacha insiúltachta faisnéis faoi réimsí inar féidir feabhsúcháin a dhéanamh go tapa.
5. Is cosúil go bhfuil seirbhísí agus roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe do dhaoine faoi mhíchumas an-lag ach is beag sonraí atá ar fáil á thomhas seo. Tá gá le sonraí maithe chun seirbhísí níos fearr a phleanáil agus chun monatóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.
6. Chun níos mó a thuiscint faoi conas aistriú chuig patrúin taistil níos inbhuanaithe a spreagadh, ní mór dúinn tuilleadh oibre a dhéanamh ar dhearcadh ar na roghanna soghluaisteachta inbhuanaithe atá ar fáil do chónaitheoirí tuaithe.

¹ At the time of data collection.

Scóir in Innéacs Soghluaiseachta Inbhuanaithe WDC 2022



Ar mhaith leat tuilleadh eolais a fháil?

Soláthraíonn SMI 2022 pointe tosaigh dúinn chun go leor ceisteanna níos leithne a scrúdú faoi shoghluaisteacht agus faoi bhailte tuaithe. Tugann an tuarascáil seo léargas bunlíne ar shoghluaisteacht inbhuanaithe inár mbailte tuaithe. Foilseofar tuilleadh anailís agus moltaí, mar aon le cás-staidéir ar dhea-chleachtas sna bailte.

Más mian leat níos mó a thuiscint faoi fhorbairt SMI 2022 an WDC do Bhailte Tuaithe, féach ar ár dtuarascáil iomlán [anseo](#).